AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.1.2020
COM(2020) 17 final

2020/0007 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaintí a chur le liosta na substaintí i dTábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i ndáil leis na hathruithe atá beartaithe a ghlacadh ar Tháblaí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (NA) 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha, ar bhonn moltaí ón mBord Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha

Is é is aidhm do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha ("an Coinbhinsiún") an comhar a chur chun cinn i measc na bpáirtithe ionas go bhféadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar na gnéithe éagsúla sin de gháinneáil aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo. Chun a n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh, glacann na páirtithe na bearta is gá, lena n-áirítear bearta reachtacha agus bearta riaracháin, i gcomhréir le forálacha bunúsacha a gcóras reachtach náisiúnta féin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 11 Samhain 1990. Is páirtithe sa Choinbhinsiún iad an tAontas[1] agus a Bhallstáit.

2.2. An Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha

Is é rud é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha coimisiún de chuid Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (ECOSOC) agus is sa Choinbhinsiún a leagtar amach a fheidhmeanna agus a chumhachtaí, i measc nithe eile. 53 Bhallstát de na Náisiúin Aontaithe arna dtoghadh ag ECOSOC atá ann. Tá 13 Bhallstát den Aontas Eorpach[2] ina mbaill den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha san am i láthair agus tá an ceart acu vóta a chaitheamh. Tá stádas breathnóra ag an Aontas laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

Agus na barúlacha a chuir na páirtithe faoina bhráid mar aon le tuairimí agus moltaí an Bhoird Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach á gcur san áireamh aige, mar aon le haon toisc ábhartha eile, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, a mbeidh a mheasúnú cinntitheach maidir le hábhair eolaíocha, féadfaidh sé a chinneadh, le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí, substaint a chur le Táblaí an Choinbhinsiúin.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha

Ón 2 go dtí an 6 Márta 2020, le linn a 63ú seisiún, glacfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha cinneadh um sceidealú maidir le substaint amháin a chur le Táblaí an Choinbhinsiúin ("an gníomh atá beartaithe") eadhon *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA).

---

[1] Cinneadh ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1990 maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a thabhairt i gcrích thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 326, 24.11.1990, lch. 56).

[2] An Bheilg, an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Ríocht Aontaithe, Poblacht na Seice, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir. Tá ballraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach faoi réir athrú de bharr iarraidh na Ríochta Aontaithe a ballraíocht san Aontas a tharraingt siar.

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) a chur le liosta na substaintí sceidealaithe i dTáblaí an Choinbhinsiúin chun go gceanglófar ar thíortha bearta a chur chun feidhme maidir leis an trádáil dhlisteanach in *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) a rialú agus faireachán a dhéanamh uirthi mar bhealach ríthábhachtach chun úsáid aindleathach na substaintí sin a chosc.

De réir an Choinbhinsiúin, bíonn cinntí an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ina gcinntí ceangailteacha, mura rud é go gcuireann páirtí an cinneadh le haghaidh athbhreithnithe faoi bhráid ECOSOC laistigh den teorainn ama is infheidhme[3]. Is cinntí críochnaitheacha iad cinntí ECOSOC ar an ábhar seo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 12 den Choinbhinsiún, lena ndéantar foráil maidir leis na nithe seo a leanas ina gcodanna ábhartha:

‘Déanfaidh an tArd-Rúnaí aon chinneadh ón gCoimisiún a ghlacfar de bhun an airteagail seo a chur in iúl do na Stáit agus do na heintitis eile go léir atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún seo, nó atá i dteideal a bheith ina bpáirtithe ann, agus don Bhord. Beidh éifeacht iomlán ag an gcinneadh sin maidir le gach páirtí 180 lá tar éis an dáta a gcuirfear in iúl é.

Beidh cinntí an Choimisiúin a ghlacfar faoin airteagal seo faoi réir a n-athbhreithnithe ag an gComhairle arna iarraidh sin d’aon Pháirtí a chomhdódh an iarraidh sin laistigh de 180 lá tar éis an dáta a thabharfar fógra faoin gcinneadh. Seolfar an iarraidh ar athbhreithniú chuig an Ard-Rúnaí mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile ar a bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe.

Déanfaidh an tArd-Rúnaí cóipeanna den iarraidh ar athbhreithniú agus den fhaisnéis ábhartha a tharchur chuig an gCoimisiún, chuig an mBord agus chuig na páirtithe go léir, agus iarrfaidh sé orthu a mbarúlacha a chur isteach laistigh de 90 lá. Na barúlacha go léir a gheofar, chuirfear faoi bhráid na Comhairle iad lena mbreithniú.

Féadfaidh an Chomhairle cinneadh an Choimisiúin a dheimhniú nó a chur ar ceal. Déanfar fógra faoi chinneadh na Comhairle a tharchur chuig na Stáit go léir agus chuig na heintitis eile atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún seo, nó atá i dteideal a bheith ina bpáirtithe ann, chuig an gCoimisiún agus chuig an mBord.’

3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireadh an Coimisiún ar an eolas an 15 Samhain 2019 go molann an Bord Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach aon substaint amháin a chur isteach, eadhon *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile(MAPA) i dTábla I den Choinbhinsiún.

De réir mheasúnú an Bhoird Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach, úsáidtear *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) go minic i monarú aindleathach amfataimín agus meitiolamfataimín. Tá fianaise ann go mbaineann fadhbanna tromchúiseacha sláinte poiblí nó fadhbanna sóisialta le méid agus fairsinge mhonarú aindleathach na ndrugaí támhshuanacha agus na substaintí síceatrópacha sin agus, dá bhrí sin, tá údar maith leis an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ní fios aon úsáid dhlisteanach le haghaidh *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) ach amháin i méideanna beaga le haghaidh taighde, forbartha agus anailís saotharlainne.

Fadhb mhór san Aontas is ea monarú neamhdhleathach amfataimín agus meitiolamfataimín. Fágtar fadhbanna suntasacha sláinte poiblí agus sóisialta san Aontas de dheasca na ndrugaí

[3] Airteagal 12(7) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1988.

támhshuanacha agus na substaintí síceatrópacha sin a mhonaraítear go neamhdhleathach. Ina theannta sin, tá grúpaí coireachta eagraithe san Aontas ag onnmhairiú na ndrugaí támhshuanacha agus na substaintí síceatrópacha sin go neamhdhleathach chuig tríú tíortha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an Coimisiún i mbun rialachán tarmligthe a ullmhú san am i láthair, i gcomhthráth leis an togra seo, lena gcuirfear roinnt substaintí, lena n-áirítear *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA), le hIarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí, agus leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha, mar thoradh ar an bplé a rinne Grúpa Saineolaithe an Aontais maidir le réamhtheachtaithe drugaí i mBealtaine 2019. [4]

Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit an Aontais an seasamh a glacadh sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i bhfabhar *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) a chur le Tábla I den Choinbhinsiún, an seasamh sin a chur in iúl.

Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar Tháblaí an Choinbhinsiúin ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe ar réamhtheachtaithe drugaí mar bíonn substaintí a chuirtear le Táblaí an Choinbhinsiúin le hionchorprú i ndlí an Aontais. Tá sé tugtha de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an méid sin a áirithiú.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[5].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear iontu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh[6].

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha (IO L 22, 26.1.2005, lch. 1) agus Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (IO L 47, 18.2.2004, lch. 1).

5 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

6 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is é rud é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha comhlacht a bunaíodh le comhaontú, eadhon Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe agus féadfaidh sé tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, eadhon: Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha, agus Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí. Is é is cúis leis sin go mbíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar Tháblaí an Choinbhinsiúin ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe ar réamhtheachtaithe drugaí toisc go mbíonn substaintí a chuirtear le Táblaí an Choinbhinsiúin le hionchorprú i ndlí an Aontais.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá á bheartú.

4.2. Bunús substaintiúil dlí

4.2.1. Na prionsabail

An bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm teagmhasach nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfaidh an gníomh ón gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha na Táblaí a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí

Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a leasú, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0007 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaintí a chur le liosta na substaintí i dTábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha in 1988 (“an Coinbhinsiún”), i bhfeidhm an 11 Samhain 1990 agus tugadh i gcrích é thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle[7].

(2) De bhun Airteagal 12(2) go (7) den Choinbhinsiún, féadfar substaintí a chur le Táblaí an Choinbhinsiúin ina liostaítear réamhtheachtaithe drugaí.

(3) Le linn an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a bheidh ar siúl ón 2 go dtí an 6 Márta 2020 i Vín, ba cheart dó cinneadh a dhéanamh maidir le substaint nua amháin a chur le Táblaí an Choinbhinsiúin.

(4) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a shuí mar go mbeidh an cinneadh ina cheangal ar an Aontas agus go bhféadfaidh sé tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha[8], agus Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí[9].

(5) De réir mheasúnú an Bhoird Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach, úsáidtear an tsubstaint *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) go minic i monarú aindleathach amfataimín agus meitiolamfataimín. Tá fianaise ann go mbaineann fadhbanna tromchúiseacha sláinte poiblí nó fadhbanna sóisialta le méid agus fairsinge mhonarú aindleathach na ndrugaí támhshuanacha agus na substaintí síceatrópacha sin agus, dá bhrí sin, tá údar maith leis na substaintí a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Is é monarú neamhdhleathach amfataimín agus meitiolamfataimín is cúis le fadhbanna suntasacha sláinte poiblí agus sóisialta san Aontas. Tá teagmhais a bhaineann le gáinneáil ar *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) ag tarlú níos minice agus ar scála níos mó agus

[7] IO L 326, 24.11.1990, lch. 56
[8] IO L 22, 26.1.2005, lch. 1
[9] IO L 47, 18.2.2004, lch. 1

tá amfataimín agus meitiolamfataimín á n-onnmhairiú go neamhdhleathach chuig tríú tíortha freisin ag grúpaí coireachta eagraithe san Aontas.

(6) Tá Ballstáit sin an Aontas atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha chun seasamh an Aontais a chur in iúl.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar seo a leanas a bheidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha:

Beidh *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) le háireamh i dTábla I den Choinbhinsiún

Airteagal 2

Na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán